

Tugann na Táscairí Folláine léargas ginearálta ar an eolas, na scileanna agus na meonta a mbeidh scoláirí ag gluaiseacht ina dtreo chun cabhrú lena gcuid folláine. Déanann na táscairí soiléir do scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus an pobal trí chéile cad atá tábhachtach. Tá líon beag tuairiscíní ag dul le gach táscaire.

Is féidir na táscairí agus a gcuid tuairiscíní a úsáid ar roinnt bealaí:

- chun athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar reatha foghlama don fholláine
- chun teagasc agus foghlaim a phleanáil laistigh de chlár Folláine scoile
- chun plé a phleanáil faoin gcaoi ab fhearr a dtiocfadh le clár Folláine na scoile cabhrú le folláine agus le héirí folláin daoine óga le páirtithe leasmhara lena n-áirítear scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí
- chun comhráite le scoláirí faoi fhoghlaim sa chlár Folláine a scafláil
- chun féinmheasúnú an scoláire a chur le chéile maidir lena gcuid foghlama san Fholláine
- chun tuairisciú ar fhoghlaim san Fholláine.



GNÍOMHACH

- An rannpháirtí muineach oilte mé i ngníomhaíocht choirp?
- Cé chomh gníomhach is atá mé go fisiciúil?



ATHLÉIMNEACH

- An gcreidim go bhfuil na scileanna agam chun déileáil le dúshlán an tsaoil?
- An eol dom cén áit ar féidir liom cabhair a fháil?
- An gcreidim go n-éireoidh go maith liom ach iarracht a chur isteach?



FREAGRACH

- An ngníomhaím chun mo chuid folláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chothú?
- An roghnaím bia sláintiúil?
- An dtuigim cén áit a mbíonn mo chuid sábháilteachta i mbaol, agus an ndéanaim na roghanna cearta?



MEAS

- An mothaím go n-éistear liom agus go bhfuil meas orm?
- An bhfuil caidrimh dhearfacha agam le mo chairde, mo phiaraí agus mo mhúinteoirí?
- An léirim cúram agus meas ar dhaoine eile?



CEANGAILTE

- An mothaím ceangailte le mo scoil, mo chairde, mo phobal agus an domhan mór?
- An dtuigim go dtéann mo chuid gníomhartha agus idirghníomhaíochtaí i bhfeidhm ar m'fholláine féin agus ar fholláine daoine eile i gcomhthéacs áitiúil agus domhanda?



FEASACH

- An bhfuilim feasach ar mo chuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus an féidir liom ciall a bhaint astu?
- An bhfuilim feasach ar mo luachanna pearsanta agus an ndéanaim machnamh ceart roimh chinneadh a dhéanamh?
- An dtuigim na rudaí a chabhraíonn liom foghlaim agus conas is féidir liom dul i bhfeabhas?